**M88**
**DON SCRÚDAITHEOIR**

**SCRÚDUIMHIR ☞** [ ]

**Iomlán na Marcanna** [ ]

# AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2002

## GAEILGE (BONNLEIBHÉAL)
## (270 MARC)

**DÉARDAOIN, 6 MEITHEAMH - TRÁTHNÓNA, 1.30 GO DTÍ 4.20**

**STAMPA AN IONAID**

| DON SCRÚDAITHEOIR | |
|---|---|
| **CEIST** | **MARC** |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| | |
| CT | |
| | |
| **IOMLÁN** | |
| **GRÁD** | |

## ROINN I - LÉAMHTHUISCINT (150 marc)

FREAGAIR **GACH** CEIST (**1**, **2** *agus* **3**).

**Ceist 1** **Meaitseáil na pictiúir leis na fógraí/comharthaí agus scríobh síos an litir cheart sa bhosca in aice leis an uimhir cheart atá sa ghreille.** **(40 marc)**

**Club Iascaireachta na Cille**
**Comórtas Iascaireachta**
**Abhainn na Life**
**1.**

Óstán na Páirce
Taispeántas Cócaireachta
Béilí breátha á n-ullmhú
Dé Luain : 7.00 pm
**2.**

**Comhaltas Ceoltóirí Éireann**
**Ranganna ar an mBosca Ceoil**
**Gach Aoine : 8.00 pm**
**3.**

Ar Díol
Teach Samhraidh
10 nóiméad ón Aerfort
**4.**

**Lá Fhéile Pádraig**
**Paráid Mhór**
**Ag tosú ag Sráid an Mhargaidh**
**5.**

Carúil na Nollag
Sráid na Siopaí,
Luimneach
Bailiúchán do Thrócaire
**6.**


**Coláiste Mhuire Gan Smál**
**Múinteoir Corpoideachais ag Teastáil**
**Bosca 333**
**7.**

Rásaí Capall
Ráschúrsa na Gaillimhe
Bígí ann : Iúil 2002
**8.**

**Cruinniú na mBád**
**Cinn Mhara**
**Rásaí Curach agus Bád Seoil**
**7-9 Lúnasa**
**9.**

Ag Teastáil
Siúinéir chun geata nua adhmaid
a chrochadh
**10.**

| Uimhir | Litir |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |




**Ceist 2** Freagair do rogha **dhá cheann** de (a), (b), (c) anseo thíos. **(50 marc)**

**(a)** Léigh **an litir** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna atá fúithi. (25 mharc)

**BANC NA hÉIREANN**

An Phríomhoifig
Faiche an Choláiste
Baile Átha Cliath 2

17 Aibreán 2002

Micheál Ó Cadhain
14 Bóthar Phort Láirge
Corcaigh

A Mhichíl, a chara,

Go raibh maith agat faoi do litir den 14ú lá agus an chóip de do C.V. a bhí istigh léi.

Rinne tú gaisce san Ardteistiméireacht a rinne tú anuraidh. Fuair tú Grád B sa Ghaeilge agus trí Ghrád C, sa Mhatamaitic, sa Bhéarla agus san Fhraincis. D'éirigh leat Grád B a bhaint amach sa Staidéar Gnó san Ardteistiméireacht cé nach bhfuair tú ach Grád D ann sa Teastas Sóisearach a rinne tú i 1998.

Is breá liom a fheiceáil gur thaitin an taithí oibre leat a rinne tú sa bhanc i mí na Bealtaine 1999 mar chuid den Idirbhliain. Chaith tú cuid den bhliain seo caite ag obair mar rúnaí i Nua Eabhrac.

Beidh scrúduithe iontrála ar siúl i mí Dheireadh Fómhair 2002 agus beidh na hagallaimh ar siúl i mí na Samhna 2002.

Is mise

*Máire Ní Shíocháin*
(Oifigeach Pearsanra)

**Ceisteanna:**

**1.** Cá bhfuil Micheál ina chónaí?

| | |
|---|---|
| i mBaile Átha Cliath | |
| i bPort Láirge | |
| i gCorcaigh | |

**2.** Cén scrúdú a rinne Micheál anuraidh?

| | |
|---|---|
| An Ardteistiméireacht | |
| An Teastas Sóisearach | |
| An Idirbhliain | |

**3.** Cén Grád a fuair Micheál sa Staidéar Gnó san Ardteistiméireacht?

| | |
|---|---|
| Grád B | |
| Grád C | |
| Grád D | |

**4.** Cad a bhí ar siúl ag Micheál i Nua Eabhrac? Bhí sé

| | |
|---|---|
| ag obair sa Bhanc | |
| ag obair mar Rúnaí | |
| ag obair mar Bhainisteoir Pearsanra | |

**5.** Cad a bheidh ar siúl i mí na Samhna 2002?

| | |
|---|---|
| Taithí oibre | |
| Scrúduithe Iontrála | |
| Agallaimh | |

**(b)** Léigh **an bróisiúr** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna atá faoi. (25 mharc)

## *AG TEACHT GO hÁRAINN?*



**Fan linne in**

# Óstán Naomh Eoin

**INIS MEÁIN, ÁRAINN**



Tá Óstán nua anseo againn in Inis Meáin i gCuan na Gaillimhe**.** Tá seomraí codlata compordacha ann agus folcadán i ngach seomra acu.

Fuair an cócaire atá againn traenáil san Fhrainc agus sa Ghearmáin. Tá cáil ar na béilí iontacha traidisiúnta le feoil agus na béilí nua-aimseartha le glasraí amháin a ullmhaíonn sé. Is breá le cuairteoirí an béile le bia mara a ullmhaíonn sé. Bíonn clár cócaireachta aige ar TG 4 gach Máirt.

Díreach in aice linn tá ionad tumadóireachta, má thaitníonn snámh leat. Siar an bóthar uainn tá Seanteach Synge, an scríbhneoir cáiliúil agus soir an bóthar uainn tá an tAerfort.

Tá bád mór ag an Óstán féin agus gach Déardaoin, tugaimid cuairteoirí ar thuras go dtí Inis Oírr agus Inis Mór ar chostas €15.

Tuilleadh Eolais ag an Uimhir Theileafóin: 099 – 35852

**Ceisteanna:**

**1.** Cá bhfuil Óstán Naomh Eoin?

| | |
|---|---|
| In Inis Meáin | |
| San Fhrainc | |
| Sa Ghearmáin | |

**2.** Cad atá i ngach seomra codlata?

| | |
|---|---|
| Teilifíseán | |
| Folcadán | |
| Teileafón | |

**3.** Cén béile is fearr le cuairteoirí?

| | |
|---|---|
| Béile le bia mara | |
| Béile traidisiúnta le feoil | |
| Béile nua-aimseartha le glasraí | |

**4.** Cá bhfuil Seanteach Synge?


| | |
|---|---|
| In aice leis an Óstán | |
| Siar an bóthar ón Óstán | |
| Soir an bóthar ón Óstán | |

**5.** Cén chaoi a dtéann na cuairteoirí ar thuras chuig na hOileáin eile gach Déardaoin?

| | |
|---|---|
| In Eitleán | |
| Ar Bhád | |
| Ar Bhus | |

**(c)** Léigh **an scéal nuachta** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna atá faoi. (25 mharc)

# STEPHEN KING i dTIMPISTE BÓTHAIR




Scríbhneoir cáiliúil is ea **Stephen King** agus tá na milliúin leabhar díolta aige ó chuir sé a chéad úrscéal, **Carrie**, ar an margadh sa bhliain, 1974. Tá roinnt scannán déanta atá bunaithe ar chuid de na leabhair a scríobh sé. I measc na scannán tá, *The Shining* agus *Salem's Lot*.

Sa bhliain 1987, chuir sé an leabhar, **Misery**, ar an margadh. Sa scéal seo, bíonn timpiste gluaisteáin ag scríbhneoir agus é ag tiomáint abhaile le linn drochaimsire. Ach i 1999 tharla timpiste i bhfad níos measa do Stephen King féin! Bhí King, atá sé throigh agus ceithre orlach ar airde, amuigh ag siúl nuair a bhuail veain mór, *Dodge*, é.

Gortaíodh King bocht go dona. Thug héileacaptar go dtí an t-ospidéal é agus fuair siad amach go raibh smidiríní déanta dá chois. De bharr na timpiste seo bíonn King, atá cúig bliana agus caoga d'aois, i bpian i gcónaí. Bíonn deacracht aige nuair a bhíonn sé ag siúl agus tógann sé piollaí gach lá chun an phian a stopadh.

Ach cad a rinne King tar éis na timpiste? Cheannaigh sé an veain a bhuail é agus rinne sé smidiríní den veain sin!

**Ceisteanna:**

**1.** Cad atá díolta ag Stephen King?

| | |
|---|---|
| Na milliúin gluaisteán | |
| Na milliúin leabhar | |
| Na milliúin scannán | |

**2.** Cén bhliain a raibh an timpiste ag Stephen King?

| | |
|---|---|
| 1974 | |
| 1987 | |
| 1999 | |

**3.** Cad a bhí á dhéanamh ag King nuair a bhí an timpiste aige? Bhí sé

| | |
|---|---|
| ag siúl | |
| ag tiomáint a ghluaisteáin | |
| ag tiomáint a veain | |

**4.** Cén chaoi a ndeachaigh King go dtí an t-ospidéal?

| | |
|---|---|
| I veain mór | |
| In otharcharr | |
| I héileacaptar | |


**5.** Cén uair a bhíonn deacracht ag King? Nuair a bhíonn sé

| | |
|---|---|
| ag scríobh | |
| ag siúl | |
| ag tiomáint | |

**Ceist 3** Freagair do rogha **dhá cheann** de (a), (b), (c) anseo thíos. **(60 marc)**

**(a)** Léigh **an t-alt** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna atá faoi. (30 marc)

# "KITTSER" AGUS A CHUID CEOIL



Ceoltóir óg é **David Kitt** a bhfuil cáil mhór air, ní amháin in Éirinn ach i Sasana agus san Eoraip chomh maith. Nuair a bhí David nó "Kittser" mar a thugtar air go minic ag fás aníos i mBaile Átha Cliath, bhí ceol agus uirlisí ceoil thart air sa bhaile. Bhíodh a athair agus a chuid uncailí ag plé le banna ceoil ar feadh na mblianta agus bhíodh siad ag taisteal ar fud na tíre. Is mac é, David, leis an Aire Stáit, **Tom Kitt**, Teachta Dála. Is as an gCealtrach in aice le Béal Átha na Slua do Tom Kitt. Tá uncail eile aige, **Micheál,** sa Dáil freisin.

Tar éis do David céim sa cheol a bhaint amach i gColáiste na Tríonóide, thug sé faoi iarchéim sa cheol. Bhí eolas an-mhaith air i gColáiste na Tríonóide de bharr na gceolchoirmeacha a bhíodh ar siúl go rialta aige sa bheár sa choláiste.

I láthair na huaire, bíonn beirt ag seinm sa bhanna in éineacht leis. Is iad sin, Paul Smyth agus Diarmuid Mac Diarmada. Seinneann Paul ar an bpianó agus ar an méarchlár agus seinneann Diarmuid ar an sacsafón agus ar an gcláirnéid.

Tá dhá albam ar an margadh aige. 'Small Moments' an teideal atá ar an gcéad albam agus 'The Big Romance' is ainm don dara ceann. Tá ag éirí go hiontach le David Kitt. Ag an bhféile "Witnness" taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath anuraidh cheap daoine gurbh é "Kittser" an ceoltóir ab fhearr a bhí ann. Thaisteal sé cuid mhór den domhan anuraidh in éineacht leis an mbanna ceoil 'Tindersticks'.

**Ceisteanna:**

**1.** Cén áit ar fhás David Kitt aníos?

| | |
|---|---|
| Sa Chealtrach | |
| I mBéal Átha na Slua | |
| I mBaile Átha Cliath | |

**2.** Cén post atá ag athair David?

| | |
|---|---|
| Teachta Dála | |
| Ceoltóir | |
| Taistealaí tráchtála | |

**3.** Cén chéim a rinne David i gColáiste na Tríonóide?

| | |
|---|---|
| Céim sa cheol | |
| Céim i mbainistíocht bheáir | |
| Céim san eolaíocht | |

**4.** Cé mhéad duine eile atá ag seinm in éineacht leis sa bhanna i láthair na huaire?

________________________________________

**5.** Cén t-ainm atá ar an dara halbam atá ag David?

| | |
|---|---|
| Tindersticks | |
| The Big Romance | |
| Small Moments | |

**(b)** Léigh **an giota** seo a leanas agus freagair na ceisteanna atá faoi. (30 marc)

# AN SAOL AR AN OILEÁN FADÓ



Urláir de chré ghorm a bhí sna tithe fadó. Níor tháinig na hurláir suiminte ná na hurláir adhmaid go ceann i bhfad ina dhiaidh sin. Ní raibh sé éasca na hurláir seo a choinneáil glan. Na daoine a bhí ina gcónaí in aice na farraige, thugadh siad buicéad de ghaineamh glan leo aníos ón trá. Ansin chuireadh siad an gaineamh glan ar an urlár sa chaoi go mbeadh cuma ghlan ar an teach don Domhnach.

Aol a chuireadh daoine ar bhallaí na dtithe amuigh agus istigh fadó. Ceapaim go gcuirtear níos mó péinte ar theach amháin sa lá atá inniu ann ná mar a chuireadh daoine ar thithe an bhaile ar fad an t-am sin!

Fadó, ní bhíodh againn ach píosa beag adhmaid agus é sáite sa tine chun solas a thabhairt dúinn san oíche. Bhíodh lampaí beaga ola againn, fosta, chun solas a thabhairt. Buíochas mór do Dhia go bhfuil an solas leictreach ar an oileán anois.

Seálta a bhíodh á chaitheamh ag na mná ag gabháil chun an Aifrinn an t-am sin. Ní bhíodh oiread agus cóta amháin le feiceáil Dé Domhnaigh. Ní bhíodh bróga ar na páistí. Ba mhinic go mbíodh ár gcosa an-tinn mar go mbíodh orainn siúl thart agus gan aon bhróga orainn. Ach níl ciall do na rudaí sin ag daoine óga an lae inniu!

Bunaithe ar ghiota as: **Róise Rua** le Pádraig Ua Cnáimhsí

**Ceisteanna:**

**1.** Cén sórt urláir a bhíodh sna tithe fadó?

| | |
|---|---|
| Urláir de chré ghorm | |
| Urláir suiminte | |
| Urláir adhmaid | |

**2.** Cad a chuireadh na daoine ar na hurláir chun iad a choinneáil glan?

| | |
|---|---|
| Buicéad uisce | |
| Buicéad péinte | |
| Buicéad de ghaineamh glan | |

**3.** Cad a chuireadh na daoine ar bhallaí na dtithe fadó?

________________________________________

**4.** Cén cineál solais atá acu ar an oileán anois?


| | |
|---|---|
| Solas leictreach | |
| Solas ón tine | |
| Solas ó lampaí beaga ola | |

**5.** Cad a bhíodh á chaitheamh ag na mná ag dul chun an Aifrinn?

| | |
|---|---|
| Seálta | |
| Cótaí | |
| Clócaí | |

**(c)** Léigh **na véarsaí** seo a leanas agus freagair na ceisteanna atá fúthu. (30 marc)

## N'FHEADAR CÁ RACHAIDH MÉ ANOCHT?



Oíche aréir ba spásaire mé
Is ghluais mé ar fud na cruinne
Léim mé isteach i mo spáslong féin
Is d'fhág mé slán lem' chine

D'eitil mé go mear i bhfad thar na néalta
Is ba ghairid gur shroich mé an ghealach
Thug mé cuairt ghearr ar fhear na gealaí
Is ar aghaidh liom ansin ar mo bhealach

Ghluais mé go Satarn, go Neiptiún, go Plútó,
D'eitil mé timpeall na gréine
Chuartaigh mé Mars ar mo bhealach abhaile
Is go deimhin ní fhaca mé éinne

Ar maidin bhí mé go cluthar im' leaba
Nuair a bhuail an clog ar a hocht
I ndiaidh an scleondair a bhí agam aréir
Ní fheadar cá rachaidh mé anocht



(le h**Éamonn Ó Ríordáin**)

**Gluais:** néalta = scamaill; scleondar = an chraic

<u>**Ceisteanna**</u>**:**

**1.** Cá raibh Éamonn, an file, aréir?

| | |
|---|---|
| I ngluaisteán | |
| I spáslong | |
| Ag cruinniú | |

**2.** Cén chaoi a ndeachaigh sé thar na néalta?

| | |
|---|---|
| Shiúil sé tharstu | |
| Léim sé tharstu | |
| D'eitil sé tharstu | |

**3.** Cá ndeachaigh sé agus é <u>ar a bhealach abhaile</u>?

| | |
|---|---|
| Go Satarn | |
| Go Neiptiún | |
| Go Mars | |

**4.** An bhfaca sé aon duine san áit sin?

___________________________________________

**5.** Cén t-am a bhí ann nuair a bhuail an clog?


| | |
|---|---|
| A sé a chlog ar maidin | |
| A hocht a chlog ar maidin | |
| A hocht a chlog san oíche | |


FREAGAIR **<u>GACH</u>** CEIST (**4**, **5** *agus* **6**).


**<u>Ceist 4</u>** Freagair (a) **<u>NÓ</u>** (b) anseo. **(30 marc)**

**(a)** Féach ar na pictiúir atá thíos.






| | | | |
|---|---|---|---|
| Cén rud ?<br>Cén áit ? | Cén oíche? Dáta? Am?<br>Cén cead isteach? | Cé hí an t-aoi<br>speisialta? | Cad a tharlóidh don<br>airgead ? |

Scríobh amach an **FÓGRA** a bhaineann leis an rud seo thuas.

**<u>FÓGRA</u>**

**NÓ**

**(b)** Féach ar na pictiúir atá thíos.




Is tusa an duine a fuair an cuireadh seo ó Eoin. Scríobh FREAGRA ar an gcuireadh sin ag insint d'Eoin:

- Cén uair a fuair tú an cuireadh? }
- Cad a bhí ar siúl agat nuair a fuair tú an cuireadh? } Pict.1


- An mbeidh tú ábalta dul ann? }
- Cad a dúirt do mháthair faoi theacht abhaile? } Pict.3

- Cén uair a fheicfidh tú Eoin arís? }
- Cén áit a bhfeicfidh tú é? } Pict. 4

**FREAGRA**

**Ceist 5** Freagair (a) **NÓ** (b) anseo. **(40 marc)**

**(a)** Féach ar na pictiúir atá thíos.




Is tusa atá ag obair sa Chlub Gailf seo an samhradh seo. Scríobh litir abhaile chuig do chara ag insint:

- Faoin gClub Gailf agus faoin áit a bhfuil an Club Gailf. } Pict. 1
- Faoin obair a dhéanann tú. } Pict. 2
- Faoi na daoine a thagann go dtí an Club Gailf. } Pict. 3
- Faoi na rudaí a dhéanann tú ar an deireadh seachtaine } Pict. 4

**[N.B. Bíodh leagan amach cuí ar do litir, i.e. seoladh, dáta, tús agus críoch oiriúnach.]**

**LITIR**

**NÓ**

**(b)** Ba mhaith leat a bheith ag obair in ospidéal. Fuair tú an **Fhoirm Iarratais** seo le líonadh.
Líon isteach an **Fhoirm Iarratais** atá anseo thíos.
[**Nóta:** Is tusa Colm Seoighe]

## Ospidéal San Séamas
## Foirm Iarratais

Ainm: *Colm Seoighe* Uimhir theileafóin ……………………………………

Seoladh: …………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………

Aois: ……………………………………… Dáta Breithe: ………………………………………

Airde: ……………………………………… Meáchan: ………………………………………

Ainmnigh an Scrúdú Teistiméireachta a rinne tú ……………………………………………

Luaigh **cúig ábhar scoile** a rinne tú sa scrúdú sin ………………………………………

…………………………………………………………………………………………………

An raibh tú ag obair in ospidéal cheana? ……………………………………………………

An mbeadh tú sásta staidéar breise a dhéanamh ?……………………………………………

An dtuigeann tú go mbeidh ort obair oíche a dhéanamh?……………………………………

Cuir tic ( ✓) leis an dáta is fearr leat i mí Iúil le haghaidh agallaimh. **18ú,** ❒ **19ú,** ❒ **20ú,** ❒ **21ú** ❒

An gcaitheann tú tobac? ……………………………………………………………………

Luaigh **dhá** chaitheamh aimsire atá agat ……………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………

Scríobh **alt beag** (timpeall 40 focal) ag insint dúinn cén fáth ar mhaith leat a bheith ag obair in ospidéal.

___

___

___

___

___

___

___

___

___

Síniú : *Colm Seoighe*

Dáta: ____________________


**Ceist 6** Freagair (a) **NÓ** (b). **(50 marc)**

**(a)** Féach ar na pictiúir atá thíos.

Bhí tú i láthair sa Chlub Óige Domhnach Cásca. Tá tú chun **cuntas** (timpeall 90 focal) a scríobh in "Iris na Scoile" faoi.

Scríobh an **cuntas** sin (timpeall 90 focal) sa spás atá faoin bpictiúr.

## SA CHLUB ÓIGE – DOMHNACH CÁSCA



**NÓ**

**(b)** Féach ar na pictiúir atá anseo thíos.

Tharla an **eachtra** seo lá agus tú ag campáil le do chara. Tá tú chun scríobh faoin eachtra seo sa "Nuachtlitir Áitiúil" (timpeall 90 focal).

Scríobh faoin **eachtra** (timpeall 90 focal) sa spás atá faoi na pictiúir.




ag iascaireacht
coca féir




chuala torann
deatach




bhuail
píolóta gortaithe




ghlaoigh
briogáid dóiteáin

## EACHTRA A THARLA